Duan na Feirsde: dán ar chath Fearsaid Mhór, 1567

Philip Mac a' Ghoill

Celtica 38 (2026), 398–420

DOI: 10.58480/SCS-g9fs2-z9zfr

DIAS
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | Dublin Institute for Advanced Studies

© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies. This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this license, visit https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/

DUAN NA FEIRSDE: DÁN AR CHATH FEARSAID MHÓR, 1567[1]

Achoimre

Uilliam Óg Mac an Bhaird a chum an dán seo, a dtugann an file 'Duan na Feirsde' air, d'Aodh (mac Mhaghnais) Ó Domhnaill tar éis do Chineál Chonaill bua suntasach a bhaint amach ar fhórsaí Sheaáin Uí Néill i gcath Fhearsaid Mhór, a thit amach ar 8 Bealtaine, 1567. Cur síos ar an gcath féin agus ar an méid a tharla ina dhiaidh atá sa chuid is mó den dán, ach tá roinnt rann ag déanamh cur síos ar luach an dáin féin, agus ceithre rann ag an deireadh ag moladh bhean an phátrúin, Fionnghuala iníon Mhic Dhomhnaill, 'an Inghean Dubh'. Tá an t-eagrán thíos bunaithe ar an aon chóip amháin de a mhaireann, i LS G 167, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Foilsíodh tras-scríbhinn den dán seo in *ABM* sa bhliain 2010 le heagarthóireacht éadrom déanta air. Tá aistriúchán Béarla ar an dán curtha ar fáil anseo, chomh maith le plé ar ghnéithe den teanga agus den mheadaracht sa réamhrá agus sna nótaí.

An File

Uilliam Óg (mac Cormaic) Mac an Bhaird (†1576) a chum an dán seo d'Aodh Dubh (mac Mhaghnais) Ó Domhnaill (†1600). De réir *AFM* s.a. 1576, ba é Uilliam Óg *ollamh Uí D*[*h*]*omhnaill lé dán*, agus fuair sé bás ar 22 Feabhra an bhliain sin i nDroim Mór, gar do Bhaile Dhún na nGall. Maireann, ar a laghad, ocht ndán eile de chuid Uilliam Óig, agus tá ceithre cinn acu sin in eagar go dtí seo: *Biaidh athroinn ar Inis Fáil* (Ó Cuív 1977), dán leathaoire a chum sé sa bhliain 1572, leath de ag moladh Aodha Uí Dhomhnaill, agus leath de ag aoradh iarla Thuamhan, Conchubhar Ó Briain; *Trí Coin chosnas clú Gaoidheal* (*DMU*, dán 18), a chum sé do Chú Chonnacht Mág Uidhir am éigin idir 1566 agus 1576; *Trom an suan-sa ort, a Aodh* (Mac a' Ghoill 2021) agus *Mithigh th'athdhúsgadh, a Aodh* (Mac a' Ghoill 2022) dhá dhán a bhrostaíonn an Aodh céanna le dul i gcoinne riail na Sasanach in Éirinn agus ardríocht na tíre a ghabháil dó féin. Tá na ceithre cinn eile i gcló in *ABM*:[2]

[1] Chuir mé eagrán den dán seo i gcló don chéad uair mar chuid de mo thráchtas dochtúireachta a cuireadh i gcrích in 2021. Tá mé buíoch den stiúrthóir dochtúireachta a bhí agam, an Dr Eoin Mac Cárthaigh, agus den Dr Eoghan Ó Raghallaigh agus den Dr Damian McManus as a gcuid moltaí le barr feabhais a chur ar an tráchtas ag an am sin. Tá mé buíoch freisin d'eagarthóirí *Celtica* agus an léitheoir a cheap siad as a gcuid moltaí le barr feabhais a chur ar an alt seo. Mé féin faoi deara gach botún agus dearmad.

[2] Ní bhíonn sé soiléir i gcónaí cé acu Uilliam Óg Mac an Bhaird nó a mhac, Uilliam Óg mac Uilliam Óig Mhic an Bhaird, atá i gceist nuair a chuireann scríobhaí an t-ainm seo le dán. Go minic, déanann scríobhaithe idirdhealú idir an dá Uilliam Óg sna ceannscríbhinní, nó is féidir a dhéanamh amach cé acu atá i gceist ó eolas eile faoin dán (dáta, pátrún, eachtraí, srl.).

© Dublin Institute for Advanced Studies
https://doi.org/10.58480/SCS-g9fs2-z9zfr

ABM 230 *Fada súil Éireann re hAodh*, d'Aodh mac Mhaghnais Uí Dhomhnaill, am éigin idir 1566 agus 1576. Cosúil leis na dánta eile leis an bhfile seo don Aodh céanna, deirtear sa dán seo gurb é an pátrún Aodh Eanghach, tairngeartach a d'aontódh an tír agus a thabharfadh muintir na hÉireann slán ó na Gaill, agus brostaíonn an file é chun é sin a dhéanamh.

ABM 266 *Gaoidhil meallta nó mac Néill*, do Thoirdhealbhach mac Néill Uí Néill. Dán a bhrostaíonn muintir na hÉireann le dul i gcoinne riail na Sasanach i ndáil Uí Néill.

ABM 273 *Gluais, a theachtaire théid siar*, do Sheaán Mac Uilliam de Búrca. Sa dán gearr seo, cuireann an file teachtaireacht chuig an bpátrún le cáineadh éagórach a rinneadh air i ndán(ta) eile a chúiteamh.

ABM 384 *Olc cúitighthear comaoin Dé*, dán cráifeach.

An pátrún agus Seaán Ó Néill

Is é Aodh Dubh (mac Mhaghnais mhic Aodha Dhuibh) Ó Domhnaill pátrún an dáin. Tháinig sé i gcomharbas ar a dheartháir, an Calbhach Ó Domhnaill, mar thiarna ar Thír Chonaill tar éis bhás an Chalbhaigh sa bhliain 1566. Bhí Aodh i gceannas ar Thír Chonaill le linn na tréimhse achrannaí in Éirinn agus concas na dTúdarach faoi lán seoil sa dara leath den séú haois déag. Sheas sé siar ó ról na ceannaireachta sa bhliain 1592 nuair a rinneadh tiarna dá mhac, Aodh Ruadh Ó Domhnaill. De réir *AFM*, fuair Aodh Dubh bás ar 7 Nollaig 1600. Baineann an dán seo thíos leis an mbua mór i gCath Fearsaid Mhór a bhí aige agus ag muintir Thír Chonaill ag tús a ré.

Is é Seaán (mac Cuinn mhic Cuinn) Ó Néill, 'Seaán an Díomais', céile comhraic an phátrúin.[3] Bhí faltanas idir muintir Néill agus clann Dálaigh i bhfad sular tháinig Seaán i gcomharbas ar a athair mar cheannaire Thír Eoghain sa bhliain 1559. Bhí sé i gceist ag Seaán ceannaireacht dhaingean ar Chúige Uladh a bhaint amach do mhuintir Néill, rud a chothaigh an naimhdeas idir é agus teaghlaigh mhóra eile sa chúige, go háirithe muintir Dhomhnaill i dTír Chonaill agus clann Domhnaill san oirthuaisceart[4]. Ba iad Aodh Ó Domhnaill agus Seaán Ó Néill na ceannairí ar an dá thaobh i gCath Fearsaid Mhór, agus pléann an dán le bás Sheaáin Uí Néill a tháinig go gairid i ndiaidh an chatha in 1567 agus na cúinsí thart timpeall air sin.

Ábhar an dáin

Seo an t-eolas a thugann an scríobhaí Séamas Mág Uidhir dúinn sa cheann-scríbhinn a chuir sé roimh an dán, ar leathanach 129 [= 137] de LS G 167:

> Uilliam Óg M*a*c an Bhaird do-rin*n*e an dán-so dā thigh*ear*na,
> Aodh m*a*c Maghn*a*sa, inar chuimhn*igh* mar do bhris an tAodh-sin

[3] Cé nach dtugtar 'Seaán an Díomais' ar Sheaán Ó Néill sa téacs seo, tugann an file *mac Cuinn na gcéimeann neamhnáir* air i líne 33*b* ar féidir an chiall chéanna bhaint as.

[4] Is féidir plé a fháil ar thiarnas Sheaáin Uí Néill agus ar an gcaidreamh a bhí idir na Niallaigh agus tiarnais eile máguaird sna blianta roimh an gcath in Brady (2015).

> maidhm Feirsde Súilidhe ar Ó Néill, Seaān m*a*c Cuin*n*, an chēad bhliadhain do goir*eadh* tigh*ear*na don Aodh-soin m*a*c Maghnasa, 1567.
>
> 'Uilliam Óg Mac an Bhaird composed this poem for his lord, Aodh, son of Maghnas, in which he recalled how that Aodh inflicted the rout at Farsetmore on Ó Néill, Seaán, son of Conn, in the first year of the lordship of that Aodh son of Maghnas, 1567.'

Is ar 8 Bealtaine 1567 a troideadh cath Fhearsaid Mhór. Tá cur síos cuimsitheach ar an gcath seo in Hayes-McCoy (1990) agus in *AFM* 1567 agus, den chuid is mó, tagann na fíricí sna cuntais sin leis an gcuntas atá sa dán seo. Cur síos ar an gcath féin agus ar an méid a tharla ina dhiaidh atá sa chuid is mó den dán. Deir an file linn gur tháinig Seaán Ó Néill isteach i dTír Chonaill le slua de thuairim is míle fear chun an tír a chreachadh. Chuaigh siad chomh fada le Leitir Ceanainn agus chuaigh siad trasna inbhear na Súilí ag Fearsaid Mhór le lag trá (rann 2). Bhí Aodh ar Ard an Ghaire ag an am sin le feadhain bheag fear (rann 3). Ní raibh na Conallaigh ag súil leis an ionradh seo de réir rann 4, agus chuir Aodh marcshlua beag amach i gcoinne fhórsaí Uí Néill (rann 6) ar dtús ionas gurbh fhéidir leis dul siar agus a fhórsaí féin a chruinniú agus a chur in eagar.

Déanann an file liosta de na teaghlaigh i dTír Chonaill a tháinig agus a bhí páirteach sa chath, ag cur na Suibhneach chun tosaigh: Mac Suibhne Bághuinigh (rann 14), Mac Suibhne na dTuath (rann 15), Mac Suibhne Fánad (rann 16). Ina ndiaidh sin, luaitear muintir Uí Bhaoighill (rann 18) agus muintir Ghallchobhair (rann 19). Is léir go raibh páirt lárnach ag na Suibhnigh sa chath, agus luann an file arís iad i rann 11, áit a ndeir sé go raibh siad ann nuair a rinneadh an cinneadh dul in éadan fhórsaí Uí Néill. Chruinnigh Ó Domhnaill thart ar cheithre chéad fear (rann 13) chun dul ina gcoinne, agus nuair a thug na Conallaigh aghaidh ar na hionróirí d'éirigh leo an ruaig a chur orthu (rann 22). Theith fórsaí Uí Néill ar ais i dtreo Fearsaid Mhór, ach faoin am a shroich siad an t-inbhear bhí sé ina lán mara. Bádh cuid mhór den slua nuair a rinne siad iarracht teitheadh trasna an inbhir, agus maraíodh cuid eile díobh agus iad gafa idir an t-uisce agus na Conallaigh a bhí ar a dtóir (rainn 23–4).

De bharr na náire a tharraing an cath ar Sheaán Ó Néill agus ar a mhuintir, d'iarr sé cabhair ar mhuintir Mhic Dhomhnaill chun díoltas a bhaint amach ar Chineál Chonaill. De réir an fhile, níor thug sé aird ar an naimhdeas eatarthu agus chuaigh sé chucu gan aon chosaint ná coimirce a bheith aige agus, dá bharr sin, mharaigh muintir Mhic Dhomhnaill é ar a dtalamh féin ar 2 Meitheamh 1567. Ceiliúrann an file an bua seo ar Ó Néill agus ar a mhuintir sa dán, agus deir sé go bhfuil na Conallaigh tar éis díoltas a bhaint amach orthu as gach éagóir a rinneadh ar Chineál Chonaill le linn na coimhlinte fada idir an dá dhream. I rann 31, tagraíonn an file do Dhomhnall Óg Ó Domhnaill, a maraíodh i nDíseart Dá Chríoch (i gCo. Thír Eoghain an lae inniu) i gcath in éadan na nEóghanach sa bhliain 1281.

I dtreo dheireadh an dáin, molann an file an pátrún agus brostaíonn sé é chun dul agus níos mó a dhéanamh anois. Luann sé cathanna eile a bheidh le

troid sa todhchaí de réir na tairngreachta: cath Mhaisdean, cath Shligigh agus cath Shaingeal (rann 46). Tá tagairt do na cathanna seo, cathanna a bhí fós le teacht, le feiceáil i ndánta eile freisin. Féach, mar shampla, *DiD*, dán 97, rainn 42–3, a chum Gofraidh Fionn Ó Dálaigh do Thadhg (mac Dhomhnaill) Mac Carthaigh (†1413):

> Cuirfidh **cath Mhullaigh Maisdean**
> gleo re bhféachfaidh fíorghaisgeadh;
> brisfidh calg fa mhagh Midhe;
> gar do Thadhg an tairngire.
>
> **Cath díbheirgeach Dúin na Sgiath**
> cuirfidh oidhre fhóid fhinnChliach;
> re a ré muidhfidh gach mearchath
> is cuirfidh sé **an Saingealchath**.
>
> 'He will engage in the battle of Mullamast; a battle in which he will attempt true skill at arms; he will fight on the plain of Meath, near is the prophecy to Tadhg
>
> The heir of the bright land of Cliu will engage in the in the battle of Donaskeagh; during his time every furious battle will break out and he will engage in the battle of Saingeal.'

Luaitear cath Saingeal i rann 35 den dán *Cia is sine cairt ar chrích Néill* (Ó Raghallaigh 2008: 134):

> Tusa chuirfeas **cath Saingeal**,
> tú an cniocht ar ar céadchailleadh,
> tú an aoibheal dá n-éir doighear;
> fa fhéin nGaoidheal gríosfaidhear.
>
> 'It is you who will fight the battle of Saingeal, you are the knight who was first betrayed, you are the ember from which the flame rises: the Gaelic host will be stirred up [by you].'

Brostaíonn an file Aodh chun Leath Chuinn a ghabháil agus caidreamh a chothú le muintir Uí Bhriain i Leath Mhogha (rann 48).

Tagann deireadh leis an dán le trí rann (rainn 49–52) don Inghean Dubh (.i. Fionnghuala iníon Mhic Dhomhnaill, †1608), bean an phátrúin agus máthair Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill. De réir mar a chuaigh Aodh Ó Domhnaill in aois, is léir go raibh ról níos lárnaí ag a bhean i reáchtáil an tiarnais. Tá sé feiliúnach go bhfuil cúpla rann dise sa dán seo mar bhean Aodha mhic Mhaghnais Uí Dhomhnaill, ar ndóigh ach freisin mar iníon Mhic Dhomhnaill, ós ábhar ceiliúrtha a bhí ann don dá theaghlach go raibh an bua ag Cineál Chonaill sa chath agus gur maraíodh Seaán Ó Néill.

Lámhscríbhinn

Ní mhaireann an dán seo ach in aon LS amháin, is í sin LS G 167 i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, duanaire chlann Dálaigh. Tá alt ag Ó Cléirigh (1939–40)

ina bhfuil cur síos cuimsitheach ar an LS seo, agus tá cur síos uirthi i gcatalóg LSí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chomh maith (Ní Shéaghdha 1979: 8–15). Séamus Mág Uidhir a scríobh an LS ar fad, an chuid is mó di sa bhliain 1727 (an chóip den dán seo san áireamh) agus chuir sé 19 leathanach eile léi ní ba dhéanaí, am éigin tar éis na bliana 1738. Aodh Ó Domhnaill, Ceathrú Mhic Oireacht, Co. Liatroma, a choimisiúnaigh an LS. Tá 406 leathanach inti ([viii] + 398), agus 112 dán éagsúil (chomh maith le hocht sliocht as Saltair na Rann ag an tús). Tá an chóip den dán seo ar leathanaigh 129–34 de réir uimhriú an scríobhaí [= 137–42 in Ní Shéaghdha (1979) agus ar *ISOS*].

Polasaí eagarthóireachta

Mé féin faoi deara ceannlitriú, poncaíocht, suíomh an tsínidh fhada taobh istigh de shiolla, agus scaradh na bhfocal. Tá noda scaoilte agam i gcló iodálach, agus tá comharthaí séimhithe scaoilte agam mar 'h' gan a bheith i gcló iodálach. Úsáidim macran le síneadh fada nach bhfuil sa LS a chur ar fáil, agus tá síntí fada neamhstairiúla bainte agam os íseal (m.sh. *n-ordúgh*adh > *n-ordugh*adh, líne 21*d*). Tá síntí fada bainte agam os íseal de na défhoghair *ao*(*i*) agus *ua* agus tá síntí fada curtha ar fáil agam ar an défhoghar *eó* le macran nuair is cuí. Úsáidim lúibíní cearnacha chun litreacha nach bhfuil sa LS a chur ar fáil (m.sh. *sgél* > *sgé*[*a*]*l*, líne 8*c*).

Tá normalú déanta os íseal agam ar litriú roinnt focal coitianta neamhaiceanta: *a* > *i* (= an réamhfhocal *i n-*), *as* > *is* (an chopail/an cónasc); agus athraím *cc-* > *gc-* agus *tt-* go *dt-* (m.sh. *ttrea*s > *dtrea*s, líne 3*a*). Déanaim normalú os íseal freisin ar ghutaí neamhaiceanta nach bhfuil fada (m.sh. *thuirsi* > *thuirse*, líne 33*a*) ach amháin i gcás roinnt siollaí meánacha i gcuibheas (m.sh. *c*[*h*]*oill* : *gConoill*, línte 18*cd*).

Léirím gach athrú eile trí na léamha, le tuilleadh plé ar athruithe sna nótaí nuair is cuí.

Teanga agus meadaracht

Deibhidhe, dán díreach, meadaracht an dáin seo, agus tagann téacs na LSe leis na rialacha a bhaineann leis an meadaracht sin den chuid is mó, chomh maith leis an teanga Chlasaiceach. Déanaim tuilleadh plé ar cheisteanna a bhaineann leis an teanga agus leis an meadaracht sna nótaí.

Cuibheas breise

Tá cuibheas breise sna rainn seo a leanas nach mbeifí ag súil leis de réir na riachtanas meadarachta:

1*a*	duan	1*b*	—	1*c*	duan	1*d*	duan
9*a*	dhóibh	9*b*	—	9*c*	do-chóidh	9*d*	cóir
11*a*	Síol	11*b*	—	11*c*	ghníomh	11*d*	shíol
12*a*	slógh	12*b*	mhór	12*c*	sról	12*d*	chlódh
24*a*	mór	24*b*	—	24*c*	tslógh	24*d*	bhrón

25*a*	—	25*b*	mac	25*c*	mac	25*d*	slat
30*a*	—	30*b*	—	30*c*	gleó, teó	30*d*	gleó
36*a*	—	36*b*	duan	36*c*	luagh	36*d*	*Duan*
37*a*	—	37*b*	duan	37*c*	duan	37*d*	luagh
38*a*	—	38*b*	duain	38*c*	duain	38*d*	thuaidh
40*a*	Síol	40*b*	díol	40*c*	dhíobh	40*d*	ngníomh
44*a*	Duan	44*b*	duan	44*c*	duan	44*d*	—
46*a*	Cath	46*b*	cath	46*c*	cath	46*d*	—
49*a*	Clú	49*b*	—	49*c*	tú	49*d*	clú

I gcás an chuibhis bhreise i rainn 1, 11, 25, 30, 36-8, 44, 46 agus 49, áit a bhfuil an focal céanna ann níos mó ná uair amháin laistigh den rann, tá mé á thuiscint mar shampla den ghléas ornáideach *breacadh* (féach *BST* 223–4). I gcás an chuibhis bhreise i rainn 9, 12, 24, agus 40, áit nach bhfuil an focal céanna ann níos mó ná uair amháin laistigh den rann, tá mé á thuiscint mar locht mheadarachta.

Dúnadh
Bheifí ag súil le dúnadh an dáin ag deireadh rann 48, roimh an iargcomharc don Inghean Dubh, ach tá an dúnadh ag deireadh an dáin ar fad:

1*a*. **Gré**as dearbhtha Duan na Feirsde
52*d*. don bhladh is í is éanoi**ghre**.

Is díol suime é go ndeir an file i líne 46*d* nach bhfuil dúnadh daingean leis an dán, mar go bhfuil níos mó le baint amach ag an bpátrún anois dar leis agus, i rann 51, deir an file go bhfuil sé i gceist aige na rainn don Inghean Dubh a úsáid chun an dán a dhúnadh:

46*d*. do dhuan ní daingean dúnadh.
51. Ar-ís d'aithcheangal ar roinn,
bean d'uaislibh aicme Domhnoill,
slat réidh nach anbhfann alladh,
dar ndaghrann féin fuaramar.

Téacs

1. Gré[a]s dearbhtha Duan na Feirsde,
sgé[a]l oirdh*rei*c is aithrisde,
duan nach d*ea*rnadh gus a-nois,
is duan far de*ar*b[h]*adh* dīoghrais.

2. Lá do-chuadar clan*n*a Néill
sluagh ar shīol gConaill cra[i]n*n*réidh,
tar Fin*n* is tar F*ea*rtais Móir,
'man ghealtais nar thim dtionóil.

3. Aodh m*a*c Maghnais na dtr*ea*s dte,
an u*air*-se ar Ard an Gháire –
nuachar T*ea*mhra n*ar* tubhadh –
uathadh feadhna fīorchuradh.

4. Do braith*eadh ar* mbeith ar faill
dar dtineōl re dtea*cht* chugain*n*;
saoilt*ea*r dóigh dhín*n* do dh*ēa*na[i]mh,
nī[o]r chóir brīgh sna baoithsgēalaibh.

5. Tángadar orain*n* g*an* fhios
mar do bheath eadrain*n* oireas;
gēr th*ean*n a léim, dar linne
fa céim i gcean*n* cointinne.

Aistriúchán

1. The Poem of Farsetmore is a proven work of art, this is a famous story which should be told, a poem which was not composed until now, it is a poem which proves diligence.

2. One day, the O'Neills went spear-ready with a host against the descendants of Conall, across the Finn and Farsetmore, around the fair gentle one whose muster was not weak.

3. Aodh, son of Maghnas, of the heated combats – the unreproached spouse of Tara – was at this time at Ardingary with a small band of true champions.

4. Our muster was perceived to be off-guard before they came towards us; they think to make an easy target of us – it is not right to believe the foolish stories.

5. They came upon us without us knowing, as if there had been a prior arrangement between us to meet; though their bounding attack was strong, I believe it was a step into battle.

Malairtí

2*c*. mhóir; 2*d*. im an, tineóil; **5*b*.** bheith; 5*d*. coin*n*tin*n*e.

6. Do chuir-sean i gcoin*n*e an tsluaigh
buidh*ei*n mbig m*ea*nmn*aigh* m*ar*cshl*uaigh*;
tug dúin*n* anáil ōr n-uamhan,
níorbh fharáil an t-ionnuaradh.

7. Gluaismíd i ngoire ar ndaingin
g*ur* c*ru*inn*i*gheadh Conailligh;
gēr līonmhar slóigh slea*cht*a Néill,
dhóibh níorbh eachtra g*an* oilbhéim.

8. I dtús a [d]tionóil tromdha,
torchair mac Mhē[i]g Mhathghomhna,
sgé[a]l an mhanaigh n*ar* bh*ea*g bróg
b*ea*g nach samhail 's a[n] sluagh-ód.

9. Tar *é*is fillte dhōibh go d*ea*s,
a b[h]fu*air*siod orain*n* d'āitheas –
do-chōidh sé m*ar* do saoileadh –
nī hē is cóir do chraobhsgaoil*eadh*.

10. Fir nar tharbha cur 'na gcean*n*,
cruinnighis iad go haithghearr
a līon comhlain*n* san taobh thuaidh,
Aodh Ō Domhnaill, *ar* d*ea*ghuair.

11. Síol gConaill is clan*n* Suibhne
cin*n*id le cruas comhuirle
an g[h]leōghuin gēr ghnīomh doil*igh*,
ar shīol Eōghain d'ion*n*saig[h]*idh*.

6. He (i.e. Aodh Ó Domhnaill) sent a small courageous band of cavalry out against the host; it gave us breathing-space from our terror, the respite was needed.

7. We move close to our stronghold until the descendants of Conall were gathered; though the hosts of Niall's family were great in number, it was a humiliating venture for them.

8. At the front of their great assembly, the son of Mág Mathghamhna fell; the story of the monk whose shoe was not small (?) is almost comparable to that host of theirs.

9. After they had returned in good order, whatever little victory they gained over us is not fitting to boast about – it went as expected.

10. In good time, Aodh Ó Domhnaill quickly gathered his battle strength in the north, men whom going against would be fruitless.

11. Though [choosing] the wounding of battle was a difficult action, by valorous counsel the descendants of Conall and the Mac Suibhne family decided to attack the descendants of Eóghan.

6*a*. chuir Seaan; 6*d*. nirb furáil; **7*b*.** conallaigh; 7*d*. nir; **8*b*.** mhathghamhna; 8*c*. Mhanaidh; **10*b*.** c*ru*inn*i*gheas; **11*a*.** *tsuibhne*; 11*b*. comhairle.

12. A[i]n*n*-sēin do heagr*adh* ar slógh,
re a m[h]*ea*s, nī[o]r mhór ar dtionól
ar síneadh ar sról ndatha,
do chlódh míleadh mórMhacha.

13. Gan a*cht* áireamh cheithre gc*éa*d
fa rí Conaill dā choimh*éa*d,
laoich do fromhadh i ngort g[h]áidh,
dob omhan tocht ō a dt*ea*gmháil.

14. Fa Mhac Suibhne Maol Muire
tiad i dtús na hiorghoile –
gnīomh lánduil*igh* car 'na gcean*n* –
Bághuin*igh* fan damh dílean*n*.

15. Laochr*aidh* na dTuath teagoid s[a]in
timchioll Mhurch*aidh* m*ei*c Eōghain;
fir dhorrdha is c*ru*aidh i gcathaibh,
colbha sluaigh go samhthachaibh.

16. Ba gnáth tús aca i n-iorghail
na cur*aidh*, clan*n* Toirdhiolbhaigh;
fa buidheach an ton*n* dā dtroid,
an drong fhuil*each* ō Fhánoid.

17. Aodh m*a*c Aodha Ī Dhomhn*aill*,
fear iomchair gach anfhorlainn,
mairg sluagh le dtarla i dt*ea*n*n*ta
an sduagh amhra in*n*eallta.

12. Then our host was arranged for subduing the warriors of great [Eamhain] Mhacha – by estimation, our muster was not great in number with our colourful banners unfurled.

13. There were only four hundred men around the king of Cineál Chonaill protecting him, warriors who were tested (i.e. experienced) in the field of battle, fighting them was terrifying.

14. Around the great stag, Maol Muire Mac Suibhne, the men of Banagh go into the van of the fighting – going against them is a very difficult act.

15. The warriors of Doe then come around Murchadh, son of Eóghan; the fierce men, tough in battles, axe-wielding pillar of a host.

16. It was customary for the warriors of Toirdhealbhach's family to be in the van in battle, the wave [of warriors] was grateful for the fighting of the bloody band from Fanad.

17. Aodh, son of Aodh, Ó Domhnaill, a man who withstands every difficulty – woe to the opposing army – the wondrous, well-equipped hero.

12*a*. as; 12*b*. ttineól; **14*b*.** táid; 14*c*. cur; **15*a*.** t*ea*ghoid; **16*b*.** toirrdhealb*aigh*; **17*b*.** anbforlain*n*; 17*d*. stuagh.

18. Uí Bhaoighill, a bhrāithre féin
dā choimh*ēa*d ar chloin*n* saoirNéill –
ua *ar* nAodhai-ne, cran*n* ōs c[h]oill –
fa aoghoire clan*n* gConoill.

19. Clan*n* Ghallchobhair na ngreadh seang
i dtús ghliadh go gclú gcéimean*n* –
cóir obadh f*ea*dhma na b[h]fear –
'na mogal fheardha fhéin*n*eadh.

20. Gluaismíd tar éis ar n-eagair
chuca ar c*ea*n*n* a n-airleagaidh,
mar sgoith buin*n*e ag béim re haill,
mar léim tuin*n*e tar tórain*n*.

21. Fuaramar ag F*ea*rsaid Mhóir
mac m*ei*c Cuin*n* fa throm dtionōil –
a bhreath bhrada is buan pudhar
's a shluagh aga i n-ordugh*adh*.

22. Do thréigsiod na fir fraochdh*acht*,
tugsad m*ea*nma ar mhīolaochdha*cht*;
dā gclú g[h]aisgidh do-chōidh cion
dhōibh le faicsin ar b[h]féin*n*eadh.

23. Aghaidh ar mhuir nglais ngairgmhir,
cúl do chu[i]r re a n-*ea*sgcairdibh,
an drong fhuil*each* fa t*ea*nn troid;
níorbh fhearr fuir*each* re F*ea*rsoid.

18. The Ó Baoighill family, his own kinsmen, around the shepherd of Conall's families, the grandson of our Aodh, highest tree in a wood, protecting him from the family of noble Niall.

19. The Ó Gallchobhair family of the slender horses are a virile cluster of warriors, with heroic acts in the beginning of the battle; it is sensible to refuse fighting these men.

20. After we were arranged, we move towards them to get their [repayment of] debt, like a strong gush of water striking against a cliff, like the leap of a wave over a boundary.

21. We found at Farsetmore the grandson of Conn (i.e. Seaán) with a great muster and his host in order – his decision to pillage meant lasting harm.

22. The men abandoned ferocity, they exchanged their courage for cowardice; for them, when they saw our warriors, some of their fame for valour vanished.

23. The bloody band of intense fighting turned their backs to their enemies [and their] faces towards the rough, swift, green sea; it was not best to wait [before returning] to Farsetmore.

18*a*. O baoighill; 18*b*. tsaoirNéill; **19*b*.** gliaidh; 19*d* fhearrdha; **20*b*.** chuctha; 20*c*. bein; **21*c*.** bhroide; 21*d*. aige; **23a.** nghlais nghairgmhir; 23*d*. nirb f*eár*r.

24. Do shluagh M[h]acha fa mór bladh,
báit*ea*r an mhéid n*ar* m*ar*b[h]*adh*
beag don tslógh téarnó ōn troid,
fa bhrón ōn éanló anaid.

25. Ag sin bladh d'éa*cht*aibh an áir:
Brian m*ac* Ē[i]nrí, ua Seaáin,
is mac oile dā athair
slat a Doire dhlúthsgath*aigh*.

26. Do fágb[h]*adh* 's a dtaobh re tuin*n*
a mhuinntear fa Mhac Domhnuill,
na cur*aidh* dar chóir anmhain,
'na n-ul*aidh* mhōir mhīotharbhaigh.

27. Nī tugadh, d'éa*cht*aibh oile,
muinntear dhaoineach Dhon*n*ghaile,
a*cht* gidh mór fan trāigh torch*air*,
a lógh áir ar Eóg[h]anchaibh.

28. Míle fe*ar* do fágbhadh an*n*,
nī bhiú ag áireamh a n-anman*n* –
nī[o]r fé[a]dadh tuile g*an* trāigh –
féagadh g*ach* duine a dhīoghbháil.

29. Nī fhuigh*eadh* ēinneach ōn Fhinn
f*ea*dh na críche go Cairlin*n*
teach gan adhbhar gola ōn ghleó,
dob amhghar cora an c[h]oinsgleó.

24. Those of [Eamhain] Mhacha's famous host who were not slain were drowned; little of the host escaped from the fight; they remain sorrowful as a result of that single day.

25. These are some of those killed during the battle: Brian son of Éinrí, grandson of Seaán, and another son of his father's, a scion from the flower-abundant Derry.

26. Left beside the sea was Mac Domhnaill surrounded by his people in their great fruitless tomb, the warriors who should have stayed [behind].

27. Though many of the populous Ó Donnghaile family fell around the strand – among other deaths – the slaughter they deserved was not inflicted on the Tír Eóghain men.

28. A thousand men were left there, I will not be listing their names – a flood-tide is not possible without an ebb-tide; let all witness its harm.

29. No one could find a house from the Finn to Carlingford which did not have reason to weep because of the battle – engaging the battle brought about hardship.

24*c*. t*éa*rna; 24*d*. énlá; **26*b*.** mhuin*n*tir; **27*a*.** eile; 27*b*. muin*n*tir; **28*d*.** fegh*adh*; **29*a*.** bfin*n*; 29*d*. aghmh*ar*.

30. Áth nDoire do dīoghl*adh* an*n*
maidhm na Ras rug ō chothram
gleō naoidhe is teó 'ná g*ach* troid
gleō na hAoine 'gun Fhe*ar*said.

31. Guin Domhnaill Dīsirt dā Chrīoch,
doilghe é 'nā g*ach* ēindí[o]th;
iomdha é[a]cht uain*n* 'na ionadh,
san chrēacht do-chuaidh cúitiugh*adh*.

32. Mā fuairsead clan*n* n*ea*rtmh*ar* Néill
an t-áth orain*n* re himchéin,
nī rug*adh* dháibh breath le bruid
fan tráigh is-teach nach tánaig.

33. Tig dar ghabh do thuirse an táir
mac Cuin*n* na gcéimean*n* n*ea*mhnáir
nar shir sé slána orthaibh
gēr námha ē d'Albonchaibh.

34. Is ī ar mbreith gi-bē ler thuit
dhín*n* go ndleaghar a éaraic;
guin an rī[o]gh nī ráinig lin*n*
's is thrí[o]n*n* táinig a thuitim.

35. Le sīol gConaill maoidhfidh mē
tug*adh* timchioll na Feirsde,
fachain d*ēa*nta na duaine,
éachta *ar* chathaibh Craobhruaidhe.

30. The ford of Derry was avenged there, it rebalanced the defeat of the Rosses; the Friday battle at Farsetmore was a new battle more intense than any fight.

31. The slaying of Domhnall of Desertcreat was more difficult than any loss; we slayed many in return for him; that wound was avenged.

32. Though the powerful family of Niall may have beaten us long ago, no victory under duress was won for them that did not come home to roost on the strand.

33. Such was the sadness Conn's son [Seaán] 'the Proud' suffered from the disgrace, he did not seek securities from the Scotsmen, despite being their enemy.

34. It is our judgement that, regardless of who killed him, we are liable to pay his honour-price; though we did not kill the king, it was through us his downfall came.

35. I will boast that battalions of Craobhruadh were slaughtered around Farsetmore by the descendants of Conall – it is the reason for composing this poem.

30*a.* A t*rea*n doire (?); 30*b.* Rass; 30*c.* no; **32*a.*** fuairsiot; 32*c.* breith; 32*d.* ttáinic; **33*a.*** áir; 33*d.* námhe; **34*b.*** éiric; 34*c.* ráinic; 34*d.* tainic; **35*a.*** ccon*n*aill maoidhfe.

36. Cr*ēa*d nach díolfadh Ō Domhnaill
duan g[h]ré[a]sach do ghlanfhoghlaim,
nocha m[e]isde a luagh g*ach* laoi
Duan na Feirsde dā b[h]fēaghthaoi?

37. Dīolfaid cur*aidh* chlan*n* Suibhne
an duan g*an* c[h]uid comhuirle,
an duan is dóibh is moladh
cóir a luagh g*an* laghdughadh.

38. Dīolfaid sīol mBaoighill Balla
an duain m*ar* dhéis dioghlama;
ar an duain sao[i]r nā slonnaidh
don tao[i]bh thuaidh a*cht* t*ea*rmon*n*aigh.

39. Dīolfaid Dochart*aigh* an duain
cur*aidh* na gcēimean*n* rochruaidh
siad ō do saor*adh* sa[n] tr*ea*s
nī baoghal iad dā haighneas.

40. Sīol Gallchobhair na ngleō dte,
cuideōchaid dīol na duaine
an m[h]ēid dhīobh tarla sa[n] troid,
gan t*ar*bha a ngnīo*mh* nī ghabhoid.

41. An duan do dhīol dlig[h]*idh* ruin*n*
Somhairle mac Mheic Domhnuill;
dā mbeath sibh g*an* triall san t*ro*id
ō sin do bhiadh 'na bhrāghaid.

36. If the Poem of Farsetmore were examined, why would Ó Domhnaill not pay for an artistic poem of pure learning, whose value does not depreciate each day?

37. The warriors of the Mac Suibhne families will pay for the poem without need for counsel; a poem that is praising them should not diminish in value.

38. The Ó Baoighill family will pay for the poem as an ear of gleaning; let only protectors of the north be named in the noble poem.

39. The Ó Dochartaigh family will pay for the poem, the warriors of very difficult deeds, they are no danger to its testimony, since they were ennobled in the battle.

40. The Ó Gallchobhair family of intense fighting will share in paying for the poem; a great amount of them were in the fight, their actions are not without benefit.

41. It is right for Somhairle, son of Mac Domhnaill, to pay us for the poem; he would be a prisoner since then if you had not gone into the fight.

37*a*. tsuibhne; 37*c*. duain; **38*c*.** sloinn*idh*; **41*a*.** duain; 41*c*. mbeith.

42. Dīol na duaine is de*ar*bhtha ag sgoil
dligh*idh* Con*n*mh*a*c an Chalb[h]*aigh*
do bhí i nglas fa cheó gcumhadh
an gleó as 'gā fhuasgal*adh*.

43. Dlighid Gaoidhil *agus* Goill
dīol na duaine-se Uī Dhomhnoill;
dóibh i dtarbha 's i dtreise
do-chóidh damhna a deimhne-se.

44. Duan oirdh*ear*c an Eich Bhuidhe,
Duan C[h]roibhdh*eir*g *ar* gC*ru*achain-[n]e,
Duan na Feirsde is togha t[h]ro[i]m
gā meisde a cora i gconchloin*n*?

45. Ag sin duit, a Uī Dhomhnaill,
duain f*ar* fé[a]ch*adh* fí[o]rfhoghlaim,
méaraidh i ndeóidh do dhola
ag d*ēa*na[i]mh eōil th'*ea*ng[h]namha.

46. Cath Maisdean go muidhthear libh
nō go gcuirthear cath Sligigh,
nō cath Saingeal bhus buan bladh,
do dhuan nī daing*ea*n dún*adh*.

47. A sheabhaic ēacht*aigh* Fhin*n*e,
cóir dhuit d*ēa*namh oirchille
buaidh s[h]ealg *ar* sheabhcaibh Banbha;
b*ea*dhg fan ealtain allmhardha.

42. It is right for Conn, son of An Calbhach, to pay for the poem attested by a [poetic] school; he was locked up under a mist of grief from which the battle freed him.

43. It is right for both Gael and Gall to pay for this poem of Ó Domhnaill's; for them, the cause of its certitude (i.e. the battle) has benefited and strengthened them.

44. What harm is it to compare the Poem of Farsetmore – it is a strong choice – with the famous Poem of the Yellow Steed [and] the Poem of Redhand coming to Rathcroghan?

45. There you have it, Ó Domhnaill, a poem which exhibits true learning, it will remain after you are gone, making your prowess known.

46. Until you win the battle of Maisdin, or until the battle of Sligo is engaged, or the battle of Saingeal whose fame will be long-lasting, your poem is not securely closed.

47. O heroic hawk of the Finn, you should make preparations [for] hunting victories over the hawks of Ireland; set out against the foreign flock.

45*c*. bh*ea*ra; **46*a*.** Maist*ea*n, muighter; 46*b*. ccurth*ar*; 46*d*. dhuain; **47*d*.** allmharr*dha*

48. Druid i gcoin*n*e cloin*n*e Táil,
mith*igh* dhaoibh d*ēa*namh com[h]báidh,
ō a-tá Éire eadraibh féin –
freagr*aidh* a chēile coiscéim.

49. Clú d'Éirin*n* do thea*cht* t*ar* tuin*n*
a ingh*ea*n mhe[i]c Mh*ei*c D[h]omhnuill;
do ardaigh tú re treimhse
clú d'Albain san Éir[e]in*n*-se.

50. Aoibheal b[h]eó einigh Alban,
b*ea*n ris nach cóir comhardadh,
nī fhuil fa dhuais orra is f[h]*ea*rr,
d'f[h]uil Cholla Uais an aoibheal.

51. Ar-ís d'aithcheangal ar roin*n*,
b*ea*n d'uaislibh aicme Domhnoill,
slat rēidh nach anb[h]fan*n* all*adh*
d*ar* ndaghran*n* fēin fuaram*ar*.

52. Bé[a]s is f[h]*ea*rr 'gun Inghin Duibh –
toghthar b*ea*n ar a b*éa*saibh –
nī háil dī a cradh do choimhdhe,
don bhladh is í is é[a]noighre.

48. Move to meet the families of Tál, it is time to make an alliance, since Ireland is between you – one step answers the other.

49. Your coming across the sea brings fame to Ireland, o daughter of Mac Domhnaill's son; in recent times you have heightened the fame of Scotland in Ireland.

50. The living ember of Scotland's honour, a woman with whom no one can compare; the ember is from the bloodline of Colla Uais – there is no better leader for giving prizes.

51. Once again to conclude my verse, for my own good verse, I have a steady scion of no petty fame, a woman of the nobles of Domhnall's family.

52. The Inghean Dubh has the best manner – a wife is chosen based on her manners – it is not her will to hoard wealth; she is the only heir to fame.

49*c*. le treimsi; **50*c*.** urra.

Nótaí

1*a*. Is díol suime é go dtugann sé teideal ar leith é féin ar an dán, 'Duan na Feirsde', sa chéadlíne agus tugtar é arís i línte 36*cd* (*nocha meisde a luagh gach laoi* / *Duan na Feirsde dá bhféaghthaoi?*) agus 44*cd* (*Duan na Feirsde is togha throim* / *gá meisde a cora i gconchloinn?*). Ní raibh an nós ag filí teidil ar leith a thabhairt ar a gcuid dánta féin sa traidisiún Clasaiceach, cé go bhfaightear teidil ar leith ar dhánta áirithe (m.sh. 'Laoidh an Doirn' a thugtar ar an dán leis an gcéadlíne *Dorn idir dhán is dásacht* le Seaán Ó Clumháin (*DiD*, dán 84)).

De ghnáth, d'fheidhmíodh céadlíne an dáin mar theideal, mar an gcéanna le traidisiúin filíochta i dtíortha agus i dteangacha eile, ina measc traidisiún na soinéad, a bhí faoi bhláth i Sasana sa tréimhse chéanna seo (Brackett 2008: 361). Déanann an file tagairt do dhá dhán eile i rann 44, agus teidil ar leith orthu: 'Duan oirdhearc an Eich Bhuidhe' (.i. *Lorcán so Locha Deirgdheirc*; féach Ó Donnchadha 1940: 106–109), agus *Duan Chroibhdheirg ar gCruachain-ne* (.i. *Táinig an Croibhdhearg go Cruachain*; féach Quiggin 1912: 167–77).

1*d*. Ba litriúla 'it is a poem around which diligence is proven' mar aistriúchán ar an líne seo, agus is léir go bhfuil an file ag tagairt don obair a bhaineann le cumadh an dáin féin. Tá sampla eile de *far dearbhadh díograis* i línte 13*ab* den dán *Dlighidh liaigh leigheas a charad* (*Teacht an mheicsin ní mairg tárraidh* / *toisg* ***far dearbhadh díoghrais*** *bháidh* 'lucky are those who have experienced the visit of that son (of God), a visit **proving the excess** of His love'; féach McKenna 1949: 184, 187).

2*c*. Tugtar faoi deara go bhfuil dhá fhoirm den ainmfhocal céanna in úsáid sa dán seo; *fearsad* (*IGT* ii §54) agus *feartas* (*IGT* ii §12). Ní úsáidtear an focal seo sa dán ach amháin mar pháirt den logainm, agus aistrím é mar 'Farsetmore' síos tríd.

3*b*. Is cosúil nach n-úsáidtear an logainm Ard an Gháire (Ardingary) sa lá atá inniu ann, agus níl sé sa bhunachar logainmneacha logainm.ie. Tá Ard an Gháire ar an taobh thuaidh de Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.

4*c*. Foirm chéasta den bhriathar *saoilidh* san aimsir láithreach is ea *saoiltear*. Tá sé aistrithe agam mar 'they think' in áit an aistriúcháin ní ba litriúla 'one thinks' / 'it is thought', ag tabhairt le fios gurb é Seaán Ó Néill agus a arm atá ag déanamh an ghnímh.

5*b*. Tá *do bheith* na LSe athraithe agam go leagan cuí an 3 uatha foshuiteach caite (*do bheath*; féach *IGT* iii §7, agus *SnaG*: 416).

6*a*. Tá deacracht sa líne seo ó thaobh na meadarachta de agus ó thaobh brí de i leagan na LSe (*Do chuir Seaan i gcoinne an tsluaigh*). Tá siolla sa bhreis sa líne, agus níl uaim inti. Chomh maith leis sin, de réir *AFM* 1567, níorbh é Seaán Ó Néill a chuir marcshlua amach ach Aodh Ó Domhnaill:

> Ar na airiucchadh sin d'Ua Domhnaill ro chuir a brodlom b*ea*cc slóicch i n-inneall, *agus* i n-orducchadh fó chédóir, *agus* ro la diorma marcslóicch im mac Uí Dhomhnaill .i. A*e*dh mac A*e*dha do dheabhaidh fri tosach an tslóigh…
>
> 'When O'Donnell perceived this, he instantly drew up his little army in order and array, and dispatched a troop of cavalry, under the command of the son of O'Donnell (Hugh, the son of Hugh), to engage the van of the enemy…'

Tá *Do chuir Seaan* na LSe athraithe agam go *Do chuir-sean* (a thagraíonn d'Ó Domhnaill) a réitíonn na deacrachtaí sa mheadaracht agus sa bhrí. Ní deacair a shamhlú go dtuigfeadh scríobhaí *sean* ina eiseamláir mar an t-ainm

agus go bhforcheartódh sé go *Seaán* é. Seo an t-aon tuiscint a ritheann liom a thagann le brí an rainn ina iomlán.

6*d*. Tá *furáil* na LSe athraithe agam go *faráil* san eagrán chun comhardadh inmheánach a chur ar fáil (*anáil* : *faráil*); glactar leis an dá fhoirm in *IGT* ii §149.

7*b*. Tá *Conallaigh* na LSe athraithe agam go *Conailligh* san eagrán chun comhardadh deiridh a chur ar fáil (*ndaingin* : *Conailligh*); glactar leis an dá fhoirm in *IGT* ii §17.

7*c*. Níl séimhiú curtha ar fáil agam ar *sleachta* agus na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh.

7*d*. Tá diúltach dúbailte sa líne seo (*dhóibh* ***níorbh*** *eachtra* ***gan*** *oilbhéim*, 'it was not a venture without humiliation for them') nach bhfuil léirithe agam san aistriúchán.

8*c*. Níl teacht agam ar an scéal a bhfuil an file ag tagairt dó sa líne seo. Ní chuirfeadh sé ionadh orm dá mbeadh *bród* in áit *bróg* in eiseamláir níos luaithe, agus manach sotalach i gceist seachas manach le bróg mhór. Thiocfadh sé sin leis an leasainm 'Seaán an Díomais' ar Sheaán Ó Néill (féach, mar shampla, Ó Donnchadha 1931: 54). Féach freisin go dtugtar *mac Cuinn na gcéimeann neamhnáir* air i líne 33*c*.

8*d*. Tá *sa* na LSe athraithe agam go *'s an*. Tá sé tugtha faoi deara ag McManus (2019: 162–7) go gcailleann an t-alt (*an*) an *-n* go minic tar éis an chónaisc *is* (*agus*) i LSí, agus déanann sé plé air sin le samplaí eile ó LSí éagsúla.

10*b*. Tá deireadh leathan ag an scríobhaí leis an mbriathar seo in áit an deiridh chaoil atá ag teastáil don bhriathar sa 3 uatha, aimsir chaite. Is earráid í seo a bhíonn ag an scríobhaí áirithe seo go minic. Tá samplaí eile agus plé gairid air seo sa nóta ar líne 9*ab* de Dhán 1 ag Mac a' Ghoill (2020: 81–2).

11*a*. Coinním an t-urú ar lorg *síol*, focal a bhí neodrach sa tSean-Ghaeilge, san ainmneach uatha mar atá sé sa LS.

12*b*. Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg an fhorainm shealbhaigh *a*, a thagraíonn don ainmfhocal firinscneach *tionól* (*IGT* ii §35) sa líne chéanna.

13*c*. Tá séimhiú curtha ar fáil agam tar éis *gort* mar ainmfhocal sa tuiseal tabharthach uatha. Is léir go raibh an riail seo ag an bhfile i bhfianaise línte 9*cd* den dán *Biaidh athroinn ar Inis Fáil* (*dob indéinimh go réidh rinn* / *do fhréimh f****h****innÉibhir d'Éirinn*). Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar an gcúis chéanna sna línte 19*b* (*i dtús g****h****liadh*), 22*c* (*dá gclú g****h****aisgidh*) agus 24*a* (*Do shluagh M****h****acha*).

14*b*. Mar a mholtar in *ABM*, nóta 274, tá *táid* na LSe athraithe agam go *tiad* san eagrán.

14*d*. Tagraíonn *damh díleann* do Mhaol Muire Mac Suibhne, agus is téarma molta é atá le feiceáil i roinnt dánta eile. Féach, mar shampla, *DiD* 112, línte

11*cd* (*an cú glan seamfhaobhrach seang* / *ór ghearrshaoghlach* ***damh díleann***). Féach freisin go bhfuil sampla de in *DIL* s.v. 1 *dam* I, leis an aistriúchán 'a fabulous ox of antiquity'.

15*b*. Níl séimhiú curtha ar fáil agam ar *meic* agus na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh.

16*c*. Tá *tonn* á úsáid go meafarach anseo (féach *DIL* s.v. 1 *tonn* (c)), ag tagairt don ionsaí ar airm Sheaáin Uí Néill. Tagann sé seo leis an íomháineachas i línte 20*cd* (*mar sgoith buinne ag béim re haill* / *mar léim tuinne tar tórainn* 'like a strong gush of water striking against a cliff, like the leap of a wave over a boundary').

16*d*. Tá an focal *fuileach* débhríoch, agus d'fhéadfaí é a aistriú mar 'noble' (.i. 'of noble blood') (*DIL* s.v. *fuilech* (d)), nó mar 'bloody'. Cé go bhfuil an t-ainmfhocal *drong* firinscneach sa tSean-Ghaeilge (*DIL* s.v. *drong*), tá sé baininscneach sa teanga Chlasaiceach, de bharr comhshamhlaithe leis an ainmfhocal *dream* (*DIL* s.v. *drem*(*m*)), is cosúil. Tá séimhiú ar a lorg anseo deimhnithe ag uaim (*an drong* ***fhu****ileach ó* ***Fhá****noid*).

17*a*. De réir na rialacha maidir le bá gutaí atá leagtha amach ag Ní Dhomhnaill (1975: 32–3), is iarméarla é *Í* nuair is páirt de shloinne é, cé is moite d'fhoirm an tuisil ghairmigh. Dá réir sin, tá an siolla seo báite agus fágtar siolla ar iarraidh sa líne. Ní ritheann aon réiteach liom. Tá sampla in *DiD*, dán 121, línte 35*ab* de *Í* a bheith báite agus líon ceart siollaí ann (*Mac éachtach Aodha Í Dhomhnaill* / *Ua Séamuis, tuir treasfhorlainn*).

17*d*. Tá an líne seo aistrithe agam mar 'the wondrous, well-equipped hero' (*DIL* s.vv. *stúag* II (b), *amrae* I, agus *indlid* (b)), ach d'fhéadfaí an focal *innealta* a aistriú mar 'gracious' chomh maith (féach *DIL* s.v. *innelda*).

18*a*. Tá *O baoighill* na LS athraithe agam go *Uí Bhaoighill* ar mhaithe le ciall an rainn.

19*b*. D'fhéadfaí *i dtús ghliadh* a léamh mar 'in the beginning of the battle' nó 'at the van of the battle'. Tá sé aistrithe agam mar 'in the beginning' de bharr an tagartha don mharcshlua i rann 6*b* a chuaigh i gcoinne na n-ionróirí i dtús an chatha. Maidir le hurú ar lorg *go n-* + ainmfhocal in *go gclú* ***gc****éimeann* (atá coinnithe mar sin agam san eagrán), féach 'in Bardic poetry an epithet after a noun governed by *go n-* constantly has its initial eclipsed' (*Magauran*, nóta 1010).

Maidir leis an séimhiú atá curtha ar fáil agam tar éis *i dtús*, féach nóta 13*c*.

19*c*. Ba litriúla an t-aistriúchán 'it is right to refuse' ar *cóir obadh*.

20*b*. De réir *BST* 194.6–7, ní ghlactar le *chuctha* mar fhoirm 3 iolra, agus tá sé seo athraithe agam go *chuca* san eagrán.

20*b*. De réir *DIL* s.v. *airlicud*, is é 'lending' / 'loaning' is brí le *airleagadh* (*airleagaidh* sa ghinideach uatha), agus tá sé aistrithe agam mar '[repayment of] debt'. Tagann sé seo leis an trácht ar dhíoltas agus ar chúiteamh i líne 31*d* (*san chréacht do-chuaidh cúitiughadh*).

21*b*. Tugtar faoi deara go bhfuil píosa fágtha ar lár san aistriúchán Béarla in *AFM* 1567 (lch 1611): '…lá hUa Néill (Seaan mac Cuinn, **mic Cuinn**, mic Enri, mic Eocchain)' *O'Neill* (*John, son of Con, who was son of Henry, who was son of Owen*). Tá an earráid chéanna ag McKenna sa chraobh ghinealaigh a thugann sé do mhuintir Uí Néill in *AiD*, 300, áit a ndeir sé gur gharmhac le hÉinrí Óg é Seaán Ó Néill, seachas garmhac le Conn Mór.

21*cd*. Tá comhardadh inmheánach ar iarraidh idir *bhroide* agus *aige* i leagan na LSe. Foirm eile den ainmfhocal *broid* (*IGT* ii §14) is ea *brad* (*IGT* ii §38), a dtéann a ghinideach uatha le *aga*, foirm inghlactha eile den fhorainm réamhfhoclach *aige* de réir *BST* 193.35.

22*c*. Maidir leis an séimhiú atá curtha ar fáil agam tar éis *dá gclú*, féach nóta 13*c*.

23*a*. Is é *agh**adh*** an t-ainmneach uatha a thugtar in *IGT* ii §4, agus gach seans gurb é sin a bhí ag an bhfile anseo. Ní féidir a bheith cinnte de, áfach, nach ón bhfile a tháinig an t- ainmneach *agh**aidh***, ó tá an t-ainmneach sin le fáil i ndánta ó thús ré an dána dhírigh (féach Mac Cárthaigh 2015: 64), agus tá *agh**aidh*** coinnithe agam san eagrán.

23*a*. Maidir le *nghlais nghairgmhir*, is cosúil gur scríobh an scríobhaí *g**h**lais g**h**airmhir* ar dtús agus nuair a thug sé a bhotún faoi deara, gur chuir sé urú roimh an dá thúslitir, chomh maith le *-g-* isteach i lár an dara focal, ach gur fhág sé an dá phonc shéimhithe os cionn na dtúslitreacha gan scriosadh.

24*a*. Maidir leis an séimhiú atá curtha ar fáil agam tar éis *do shluagh*, féach nóta 13*c*.

24*cd*. Tá *téarna* athraithe agam go *téarnó* (*IGT* iii §11) a théann le foirm cheart an tabharthaigh den ainmfhocal *éanlá* (.i. *éanló*; *IGT* ii §82), agus cuireann sé seo cuibheas inmheánach ar fáil sa leathrann (*téarnó* : *éanló*). Ní bháitear an t-iarméarla *ón* tar éis *téarnó* agus dhá ghuta fhada ag teacht le chéile (Ní Dhomhnaill 1975, 32).

25*b*. Tá *ua* aiceanta sa líne seo, ag glacadh páirte san uaim agus níl sé báite ar lorg *Éinrí*. Déantar tagairt do bhás Bhriain mhic Éinrí agus a dhearthár in *AFM* chomh maith, ach ní thugtar ainm an dearthár seo sa dán féin ná in *AFM* 1567: 'Báttar iad ba hair*ea*ghdha dibsidhe Brian mac Enri mic S*ea*ain I Neill co na dearbrathair' *the most distinguished of whom were: Brian, the son of Henry, son of John O'Neill, and his brother*.

26*b*. Glacaim leis gur earráid scríobhaí é *mhuinnt**ir*** a bheith sa LS in áit *mhuinnt**ear***. Tá an earráid chéanna sa chéad rann eile (27*b*) agus tá sé ceartaithe agam ar an gcaoi chéanna. Seans go dtagann an earráid seo ó scaoileadh an ghiorrúcháin *-ear*/*-ir* sa phróiseas cóipeála. Tá an focal *Mhac* aiceanta nuair is cuid de theideal taoisigh é (féach Ní Dhomhnaill 1975, 11), agus tá sé ag glacadh páirte in uaim anseo le *mhuinntear*.

27*a*. Maidir le *muinnt**ir*** a bheith sa LS in áit *muinnt**ear***, féach nóta 26*b* thuas.

27*ad.* Tá *a lógh áir* aistrithe agam mar 'the slaughter they deserved' ach ba litriúla 'their battle price'.

28*c.* Leagan is ea *níor féadadh tuile gan tráigh* de *Níl tuile ná trághann*, seanfhocal 104 in O'Rahilly (1922: 29).

28*d.* Glactar leis an dá leagan den fhocal *féaghadh* / *féagadh* (*IGT* iii §93), agus is é *féagadh* atá ag teastáil anseo do chuibheas inmheánach an leathrainn (*féadadh* : *féagadh*).

29*d.* Tá *aghmhar* (.i. *ághmhar* (?), 'warlike'; *DIL* s.v. *ágmar* (a)) na LSe athraithe agam go *amhghar* san eagrán ('distressful'; *DIL* s.v. *amgar*). Cuireann sé seo cuibheas inmheánach ar fáil sa leathrann (*adhbhar* : *amhghar*) agus tagann sé níos fearr le ciall an rainn.

30*a.* Is deacair a bheith cinnte céard a bhí i gceist ag an scríobhaí sa chéad dá fhocal den rann seo. Aontaím le heagarthóirí *ABM* (féach *ABM* nóta 274) gur botún seachadta é an *atn* le *i* os cionn an *-n* anseo in áit *áth n*, agus is é *Áth nDoire* a chuirim ar fáil san eagrán.

30*d.* Maíonn an file anseo gur tharla an cath ar an Aoine, ach de réir sheanfhéilire Iúil, a bhí in úsáid ag an am sin, Déardaoin ab ea 8 Bealtaine 1567. Is cinnte nár cumadh an dán seo go dtí seachtainí, nó míonna fiú, tar éis an chatha, agus seans go raibh dul amú ar an bhfile faoin lá nó faoin dáta. Ní fheadar an féidir le brí eile a bheith i gceist le 'Aoine' sa chomhthéacs seo, agus go mb'fhéidir gur léiriú ar thromchúis an chatha atá i gceist. Féach freisin an dán *Beag nár bháith Aodh oidhidh Chuinn* (McManus 2000: 80), rann 20 (*Dia hAoine torchair tuir Chál* / *folchaidh a ghuin guin na naomh* / *a dhaoine, acht guin Ríogh na ríogh* / ***ní fhuil gníomh Aoine mar Aodh***. 'The prince of Cál died on a Friday; his death surpasses the martyrdom of the saints. Apart from the death of the King of kings there is, O people, **no Friday-deed like** [**the killing of**] **Aodh**').

32*c.* Tá *breith* na LSe athraithe agam *breath* chun comhardadh inmheánach a chur ar fáil (: *is-teach*).

33*a.* Tá uaim ar iarraidh i leagan na LSe sa líne seo, agus tá *áir* na LSe athraithe agam go *táir* (***th****uirse an* ***t****áir*).

34*d.* De réir *BST* 194.24–5, ní ghlactar ach le *trínn*, *tromhuinn*, *treamhuinn* mar fhoirmeacha den 1 iolra den fhorainm réamhfhoclach seo. Faightear samplaí, áfach, de *tríonn* sa chorpas. Féach, mar shampla: *Dán Dé* dán 10, rann 9 (*Déanadh Muire máthair Íosa* / *aighneas liom an lá bhus* ***díor*** / *do bhí mar budh caor i gceardcha* / *Rí na naomh i dteannta* ***tríonn***; agus *AiD* dán 61 rann 19*cd*: *gé thochair* ***thríonn*** / *dorchaidh a* ***síon*** *a* [*soillsighir*]. Coinním an fhoirm *thríonn* san eagrán.

36*b*. *Duain* is ea foirm an áinsígh den ainmfhocal baininscneach *duan*, agus is léir go raibh an t-idirdhealú seo idir foirm an ainmnigh agus foirm an áinsígh ag an bhfile, i bhfianaise línte 37*cd* (litriú cuí an ainmnigh i gcuibheas: *an* ***duan*** *is dóibh is moladh* / *cóir a* ***luagh*** *gan laghdughadh*), agus línte 38*cd* (litriú cuí an

áinsígh i gcuibheas *ar an* ***duain*** *saoir ná slonnaidh* / *don taoibh* ***thuaidh*** *acht tearmonnaigh*). Déanaim foirm an ainmfhocail seo a choigeartú sna cásanna seo a leanas: 37*c duain* > *duan* 46*d duain* > *duan*. Níl *duan* athraithe agam go *duain* i líne 36*b* ná líne 37*b* toisc go bhfuil an cuspóir scartha ón mbriathar, agus cead ag an bhfile sa chás sin leagan an ainmnigh a úsáid in áit an áinsígh (féach *SnaG*, 362).

37*bc*. Maidir le foirm an fhocail *duan*, féach nóta 36*b*.

38*a*. Is cosúil gur cuid d'ainm an teaghlaigh í an mhír *Balla*, nó d'ainm a gceantair chónaithe. Níl teacht agam ar shampla eile di ach amháin sa dán níos deireanaí *As truagh cor chríche Banbha*, 18*ab* (*Teasdáil airsidh* ***fhóid Bhalla*** / *do mhúch ré agus réllanna* 'The death of the veteran of the **land of Balla** has extinguished the moon and the stars'; féach Mac Cárthaigh 2017: 120–1).

Coinním an t-urú ar lorg *síol*, focal a bhí neodrach sa tSean-Ghaeilge, san ainmneach uatha mar atá sé sa LS.

38*bc*. Maidir le foirm an fhocail *duan*, féach nóta 36*b*.

38*c*. An modh ordaitheach, 2 iolra, den bhriathar *slonnamhuin* (*IGT* iii §72) atá i gceist le *slonnaidh* sa líne seo. Ba litriúla 'name only protectors of the north' mar aistriúchán ar *ná slonnaidh* […] *acht tearmonnaigh*.

41. Seaán Ó Néill an namhaid ba mhó a bhí ag muintir Mhic Dhomhnaill ag an am seo agus bhí a gceannaire, Somhairle Buidhe Mac Domhnaill (†1590), ina phríosúnach ag Ó Néill sna blianta 1565–7 (Hill 1873: 134, 143). Lig Ó Néill saor é tar éis an chatha, nuair a bhí sé ag iarraidh a chabhrach chun díoltas a bhaint amach ar Chineál Chonaill tar éis an chatha. Deir an file gur chóir do Shomhairle Buidhe a bheith buíoch de na Conallaigh toisc go mbeadh sé fós ina phríosúnach murach a mbua sa chath.

41*b*. De réir na rialacha atá mínithe ag Ní Dhomhnaill (1975, 10–11), tá *mac* agus *Mheic* ina n-aiceantaigh anseo agus ag glacadh páirte in uaim.

41*c*. De réir mar a thuigim é, tagraíonn *sibh* do na teaghlaigh éagsúla a luann an file idir rann 37 agus rann 40.

42. Bhí coimhlint idir Conn mac an Chalbhaigh (†1583) agus a uncail, Aodh Ó Domhnaill, i gcomhair ceannasaíochta nuair a fuair athair Choinn, an Calbhach (mac Mhaghnais) Ó Domhnaill, bás sa bhliain 1566. Bhí conradh déanta idir Conn agus Seaán Ó Néill sa bhliain 1562, agus rinne Ó Néill príosúnach de tar éis do Chonn ionsaí a dhéanamh ar chaisleán Dhún na nGall sa bhliain 1564. Níor ligeadh Conn saor go dtí tar éis an chatha agus deir an file sa rann seo gur chóir do Chonn a bhuíochas a léiriú dóibh (*State Papers*: 205, 237, 334).

45*c*. Mar a mholtar in *ABM*, nóta 274, tá *bheara* na LSe athraithe agam go *méaraidh* san eagrán, rud a chuireann cuibheas inmheánach ar fáil (*méaraidh* : *déanaimh*).

46*d*. Maidir le foirm an fhocail *duan*, féach nóta 36*b*.

47*a*. Ní le foirm an ghairmigh ach le foirm an ainmnigh a bheifí ag súil anseo agus *seabhac* á úsáid go meafarach (féach *SnaG*, 369). D'fhágfadh an t-ainmneach (.i. *A sheabhac éachtach Finne*) an líne gan uaim, áfach, agus coinním leagan na LSe san eagrán.

47*c*. Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg *buaidh* mar ainmfhocal atá san iolra agus a chríochnaíonn ar chonsan caol. Is léir go raibh an riail seo ag an bhfile i bhfianaise línte 10*cd* den dán *Biaidh athroinn ar Inis Fáil* (*re Leith móir gcathardha gCuinn* / *na slóigh f**h**lathamhla ó Liatraim*).

50. Glactar leis an dá fhoirm *aoibhea**l*** (50*a*) agus *aoibhea**ll*** (50*d*) in *IGT* §54.

Giorrúcháin

AiD	Lambert McKenna (ed.), *Aithdioghluim Dána* (Dublin: Irish Texts Society, 1939 and 1940).
BST	Lambert McKenna (ed.), *Bardic Syntactical Tracts* (Dublin 1944).
Dán Dé	Lambert McKenna (ed.), *Dán Dé: the Poems of Donnchadh Mór Ó Dálaigh, and the Religious Poems in the Duanaire of the Yellow Book of Lecan* (Dublin 1922).
DiD	Láimhbheartach Mac Cionnaith (eag.), *Dioghluim Dána* (Baile Átha Cliath 1938).
DMU	David Greene (ed.), *Duanaire Mhéig Uidhir: The Poembook of Cú Chonnacht Mág Uidhir, Lord of Fermanagh 1566–1589, Edited from the Copenhagen Manuscript* (Dublin, 1972).
Magauran	Lambert McKenna (ed.), *The Book of Magauran: Leabhar Méig Shamhradháin* (Dublin: 1947).
State Papers	*Calendar of the State Papers Relating to Ireland, of the Reigns of Henry VIII., Edward VI., Mary, and Elizabeth, 1509–1573* (London 1860–1912).

Leabharliosta

Brackett, Virginia, 2008: *The Facts on File Companion to British Poetry: 17th and 18th Centuries* (New York).

Brady, Ciaran, 2015: *Shane O'Neill* (Dublin).

Hayes-Mccoy, Gerard Anthony 1990: *Irish Battles: A Military History of Ireland* (Belfast).

Hill, George 1873: *An Historical Account of the Macdonnells of Antrim: Including Notices of Some Other Septs, Irish and Scottish* (Belfast).

Hoyne, Mícheál 2016: 'On stressed monosyllables ending in a short vowel in Classical Modern Irish', *Celtica* 28, 186–200.

Mac a' Ghoill, Philip 2020: 'Rogha dánta as LS G 167, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann', tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

—— 2021: '*Trom an suan-sa ort, a Aodh*: dán ag brostú Aodha Uí Dhomhnaill (†1600)', *Celtica* 33, 295–306.

—— 2022: '*Mithigh th'athdhúsgadh, a Aodh*: dán ag brostú Aodha Uí Dhomhnaill (†1600)', *Celtica* 34, 110–125.

Mac Cárthaigh, Eoin 2015: 'Gofraidh Óg Mac an Bhaird cecinit: 1. "Deireadh flaithis ag féin Gall" ', *Ériu* 65, 57–86.

—— 2017: 'Gofraidh Óg Mac an Bhaird cecinit: 3. "As truagh cor chríche Banbha" ', *Ériu* 67, 99–139.

McKenna, Lambert 1949: 'Some Irish bardic poems: LXXX. Christ our Saviour', *Studies: An Irish Quarterly Review* 38, 183–8.

McManus, Damian 2000: 'An elegy on the death of Aodh Ó Conchobhair (†1309)', *Ériu* 51, 69–91.

—— 2017: 'On the use of the *urlann* in *deibhidhe* and *séadnadh* metres in Classical Irish verse', *North American Journal of Celtic Studies* I, 61–81.

—— 2019: 'Early Modern Irish miscellanea', *Ériu* 69, 155–70.

Ní Dhomhnaill, Cáit 1975: *Duanaireacht* (Baile Átha Cliath).

Ní Shéaghdha, Nessa 1979: *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland: Fasciculus V, Mss. G 161 – G 207* (Dublin).

Ó Cléirigh, Tomás 1939–40: 'A poem book of the O'Donnells' [parts 1 and 2], *Éigse* 1/1–4, 51–61, 130–142.

Ó Cuív, Brian 1977: 'The Earl of Thomond and the poets, A.D. 1572,' *Celtica* 12, 125–45.

Ó Donnchadha, Tadhg 1931: *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* (Baile Átha Cliath).

—— 1940: *Leabhar Muimhneach maraon le Suim Aguisíní* (Baile Átha Cliath).

Ó Raghallaigh, Eoghan 2008: 'Poems from the Nugent Manuscript', tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

O'Rahilly, Thomas 1922: *A Miscellany of Irish Proverbs* (Dublin).

Quiggin, E. C. 1912: 'A poem by Gilbride MacNamee in praise of Cathal O'Conor', in Osborn Bergin and Carl Marstrander (eds), *Miscellany presented to Kuno Meyer* (Halle), 167–77.

Philip Mac a' Ghoill

Ollscoil Luimnigh